



An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

Nuachtlitir ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe

Fáilte chuig **Eagrán na Bealtaine 2026** agus an **23^ú foilseachán** de nuachtlitir na Roinne Oideachais agus Óige maidir le **hOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI)**. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leo siúd go léir a bhí páirteach ann. Tá siúl againn go mbainfidh tú taitneamh as an eagrán seo agus go bhfaighidh tú inspioráid, smaointe agus naisc agus acmhainní úsáideacha chun cabhrú leat do pháirt a ghlacadh i bhforbairt inbhuanaithe.

Is féidir leat seaneagrán na nuachtlitreach a léamh [anseo](#) agus [clárú](#) chun é a fháil go díreach i do bhosca isteach gach ráithe!

OFI i Scoileanna – déan do scéal a roinnt

I rith na scoilbhliana 2025/26 leagaimid béim ar **Ghníomhaíocht ar Leibhéal an Phobail Áitiúil ar son na forbartha inbhuanaithe** a chur chun cinn, mar sin de, má bhíonn tú féin nó do scoil ag comhoibriú le grúpa sa phobal áitiúil ó thaobh ghníomhaíocht OFI de agus ba mhaith leat sin a roinnt sa Nuachtlitir OFI, déan teagmháil linn, le do thoil, trí ríomhphost a chur chuig ESD@education.gov.ie. Gheobhaidh do scoil **dearbhán €500 One-For-All** ón Roinn Oideachais agus Óige, má fhoilsímid d'alt!

Clár Ábhar

1. An tEolas is Déanaí maidir le OFI go 2030	4
a. OFI go 2030 – Maoiniú d'Eagraíochtaí 2026	4
b. OFI go 2030 – Meastóireachtaí Maoinithe 2025.....	5
c. An 11ú Fóram Náisiúnta OFI – Sábháil an Dáta!.....	5
d. Maoiniú um Cheartas Aeráide don Aos Óg fógartha.....	6
e. Tacar Uirlisí Inbhuanaitheachta do Scoileanna	7
f. Ráitis maidir le Beartas Inbhuanaitheachta Scoileanna - Léarscáil.....	8
g. Iompar Scoile - <i>Bus Mór Buí</i>	8
h. Póstaeir agus Bileoga Faisnéise SFI do Scoileanna	9
i. Déanann an tAire Naughton ceiliúradh ar OFI i scoileanna i Luimneach	10
2. An tEolas is Déanaí maidir le Scoileanna	12
a. Ardteistiméireacht - Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe i Meánscoil Loreto, Baile Brigín.	12
b. An tEolas is Déanaí maidir le OFI i Scoileanna.....	13
OFI ag Scoil Náisiúnta an Phaidhc	13
OFI ag Pobalscoil na Gráinsí	14
3. Rannóg na hÓige.....	15
a. Comhairle na nÓg Chiarraí.....	15
4. Comórtais	16
a. Comórtas Nuachtlitir OFI mhí na Bealtaine – SFI 17, Comhpháirtíochtaí ar mhaithe leis na Spriocanna.....	16
b. Comórtas Turas Ranga OFI Bealtaine – Ionad Athfhionnachtana.....	17
c. Comórtais na Nuachtlitreach OFI – Buaitheoirí.....	19
d. Comórtas Make a Switch Bhord Oideachais agus Oilíúna Luimnigh agus an Chláir - Lá Taispeántais.....	20
e. Babhtaí Ceannais na nGradam Comhshaolaí Óg.....	22
5. Cláir agus Acmhainní.....	23
a. Líonra Inbhuanaitheachta Scoileanna na hÉireann.....	23
b. Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe.....	25
c. Am Oideachais Dhomhanda	26
d. Coiste Cúram Leanaí Chontae Shligigh	27
e. Junior Achievement Ireland.....	28

f.	Scoileanna Domhanda WorldWise.....	29
g.	Gradaim Ár nDomhain	31
h.	ÉICEA-EOECNA	32
i.	Acmhainní Leabharlanna na hÉireann	33
j.	Fifty Shades Greener	34
k.	5*S: Spás, Suirbhéirí agus Scoláirí, STEM agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.....	35
l.	Sráidbhaile Domhanda – Saoránacht Dhomhanda i mBunscoileanna ...	36
6.	Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí/ FGL.....	37
a.	Oide - OFI agus Ceannaireacht	37
	Cúrsa Creidiúnaithe ÉICEA-EOECNA CCÉ.....	37
7.	Scéalta Breisoideachais agus Ardoideachais.....	39
a.	Údarás Ardoideachais.....	39
b.	OT Bhaile Átha Cliatha - Céad Chomhdháil Náisiúnta na Mac Léinn um Thaighde ar an Inbhuanaitheacht.....	40
8.	Nuashonruithe Idirnáisiúnta	42
a.	Seoladh Thuarascáil Faireacháin Oideachais Dhomhanda EOECNA.....	42
b.	COP30: Éilíonn EOECNA ar bheart práinneach chun dlús a chur le scoileanna glasa	42
9.	Scéala Eile.....	45
a.	Trí Ghníomh Shimplí – SFI 17 – Comhpháirtíocht ar son na Spriocanna.....	45
b.	Nua – Straitéis don Gheilleagar Ciorclach	45
c.	Nua – Ráiteas Beartais Náisiúnta agus Treochlár maidir le Teicstílí Ciorclacha.....	47
d.	Nua – Straitéis Iompair Inbhuanaithe foilsithe.....	48

1. An tEolas is Déanaí maidir le OFI go 2030



a. OFI go 2030 – Maoiniú d'Eagraíochtaí 2026

Tá an roinn ag tabhairt cuireadh **d'eagraíochtaí** anois iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú OFI suas le €25,000 do thionscadail a thacaíonn le cur i bhfeidhm OFI go dtí 2030 san earnáil scoile.

Tá sonraí an ghlaio mhaoinithe agus an phróisis iarratais ar fáil ar an leathanach Glaoanna ar Mhaoiniú OFI [An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn](#). Is é Dé hAoine an **5 Meitheamh 2026** an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ó eagraíochtaí.

Féadfaidh **eagraíochtaí** iarratas a dhéanamh ar uasmhéid €25,000 chun tacú le tionscadail OFI le scoileanna. Tá ciste iomlán de thart ar €650,000 ag Maoiniú OFI d'Eagraíochtaí 2026.

Féach ar liosta de Cheisteanna Coitianta agus iarratas d'eagraíochta á chomhlánú agat. Ar fáil anseo: [Ceisteanna Coitianta Glao ar Chistiú OFI le haighidh Eagraíochtaí – 2026/27](#)

Reáchtálfaidh an roinn **glao maoinithe OFI ar leithligh do scoileanna i mí Mheán Fómhair**. Foilseofar sonraí an ghlaio ar **scoileanna** in eagrán mhí Mheán Fómhair 2026 de Nuachtlitir OFI ar féidir leat clárú dó anseo: [Nuachtlitir Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe](#).

[Ar ais chuig barr](#)

b. OFI go 2030 – Meastóireachtaí Maoinithe 2025

Iarrtar anois ar eagraíochtaí agus scoileanna a fuair maoiniú OFI in 2025 tuarascálacha meastóireachta a chur faoi bhráid na roinne maidir lena gcuid tionscadal. Seoladh ríomhphost leis an bhfoirm riachtanach chuig na scoileanna agus na heagraíochtaí. Is é an spriocdháta chun do mheastóireacht mhaoinithe a chur isteach ná **5 Meitheamh 2026**.

Tugann tuarascálacha meastóireachta léargas iontach dúinn ar a bhfuil ag tarlú sna scoileanna agus eagraíochtaí féin agus is foinse shuntasach iad de “cás-staidéir” le haghaidh tuarascálacha dul chun cinn. Rud atá tábhachtach ná go léiríonn tuarascálacha meastóireachta an tionchar dearfach atá ag maoiniú OFI ar chur i bhfeidhm na straitéise.

Téigh i dteagmháil linn (esd@education.gov.ie) mura bhfuil ríomhphost faighte ag d'eagraíocht nó do scoil fós le treoracha maidir le conas do thuarascáil meastóireachta a chur isteach.

[Ar ais chuig barr](#)

c. An 11ú Fóram Náisiúnta OFI – Sábháil an Dáta!

Beidh an tAonú Fóram Náisiúnta Déag ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) ar siúl ar an **17 Samhain 2026** i **bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath**, le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach. Tá an ócáid bhliantúil seo faoi Straitéis OFI go 2030 na hÉireann á stiúradh i mblíana ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Óige agus an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais.

Is é téama Fhóram na bliana seo ná ***Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe: Cumasaitheoir ríthábhachtach de Luachanna agus Spriocanna an AE*** agus féachann sé le cur leis an gcomhdháil ardleibhéil OFI a óstálfar faoi Uachtaránacht na Cipire ar an AE i mBealtaine 2026 faoin téama [Cur Chuige Uile-Institiúideach i leith OFI](#).

Tabharfaidh fóram mhí na Samhna páirtithe leasmhara OFI ar fud na hÉireann agus an AE le chéile chun cleachtas, taithí agus foghlaim a roinnt, agus iniúchadh á dhéanamh ag an am céanna ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe trí lionsa Eorpach níos leithne.

Áirítear leis na príomhcheisteanna a scrúdófar trí sheisiúin iomlánacha, cainteanna soilsithe, seastáin taispeántais agus ceardlanna:

1. Conas is féidir le OFI leanúint de luachanna agus spriocanna comhroinnte an AE a chur chun cinn?
2. Conas is féidir le OFI daoine óga a chumhachtú níos fearr chun páirt bhríoch a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus AE?

3. Conas a thacaíonn OFI le foghlaimoirí eolas inbhuanaitheachta a aistriú go gníomh sibhialta? Cad atá ag obair go maith i suíomhanna oideachais agus cad is gá a athrú?
4. Cad iad na scileanna is ríthábhachtaí do dhaoine óga chun maireachtáil agus oibriú in Eoraip inbhuanaithe, agus cé chomh héifeachtach is atá an t-oideachas OFI ag cur ar chumas foghlaimoirí dul i ngleic le dúshlán inbhuanaitheachta an tsaoil mar atá? Cad iad na feabhsuithe atá ag teastáil?
5. Conas is féidir le OFI meas, cuimsiú agus comhionannas a chur chun cinn ar fud na sochaí?
6. Cad iad na hathruithe atá ag teastáil chun córais oideachais níos cuimsithí a chruthú a chinntíonn go bhfuil páirt fhiúntach ag daoine óga i gcinnteoireacht?

Ag an bpointe seo, **díreach Sábháil an Dáta**. Eiseofar tuilleadh eolais agus conas do spéis a chlárú tríd ár nGrúpaí Comhairleacha náisiúnta OFI. Coinnigh súil ar leathanaigh meán sóisialta RBATNE.

[Ar ais chuig barr](#)

d. Maoiniú um Cheartas Aeráide don Aos Óg fógartha

D'fhógair an Roinn Oideachais agus Óige le déanaí maoiniú de bheagnach €500,000 tríd an gCiste um Cheartas Aeráide don Aos Óg. Tá maoiniú á thabhairt do dheich dtionscadal ceartais aeráide faoi stiúir na hóige a bheidh ar siúl ar fud na hÉireann in 2026 mar chuid de thiomantas leanúnach an Rialtais chun tacú le daoine óga chun ceannaireacht a dhéanamh ar an athrú aeráide laistigh dá bpobail féin.

Tacóidh an maoiniú seo le daoine óga tionscadail a fhorbairt a ardóidh feasacht, a fheabhsóidh scileanna agus a dhéanfaidh gníomh maidir le saincheisteanna aeráide atá bunaithe sa phobal, chomh maith le tacú le gníomhaíochtaí piarfhoghlama, nuálaíocht shóisialta, agus dul i ngleic le daoine óga tríd an eolaíocht agus an teicneolaíocht, feasacht comhshaoil, feasacht pobail, amharclannaíocht agus na healaíona.

Áirítear ar thionscadail na bliana seo:

Kinia – Chun tacú tuilleadh leis an tionscadal hidrigine a fuair maoiniú in 2025: Cuireann an tionscadal seo leis an tionscadal hidrigine a fuair maoiniú in 2025 agus tá sé mar aidhm aige 100 duine óg a mhealladh

Ógras - Díríonn an tionscadal seo ar SFI 15 – Beatha ar Talamh.

Localise Youth Volunteering - Tacar uirlisí deonacha maidir le ceartas aeráide a fhorbairt agus a scaipeadh atá comhtháite lena gcóras punainne My VP.

Obair d'Ógra Éireann - Chun tionóil cheartais aeráide faoi stiúir na hóige, grúpaí gníomhaíochta áitiúla, piarfhoghlaim an domhain theas, agus tionscnaimh um fhorbairt acmhainne a sheachadadh.

Scouting Ireland - Chun daoine óga a chumasú agus a chumhachtú chun ceardlanna, gníomhaíochtaí agus tionscadail ghníomhaíochta a chruthú agus a chur i gcrích maidir le ceartas aeráide agus gníomhaíocht chomhshaoil.

Young Social Innovators - Chun litearthacht aeráide, ceannaireacht óige, agus rannpháirtíocht shibhialta a neartú trí cheardlanna, scéalaíocht dhigiteach, agus ealaíona comhoibríocha.

Foróige – Chun athbhreithniú a dhéanamh ar chlár Future Proof atá ann cheana féin ag Foróige agus leagan Réaltachta Fíorúla den chlár a sheachadadh. Chun coincheap Foróige Forest a fhorbairt, an tionscnamh Just Grow a leathnú agus a aistriú agus seimineáir ghréasáin ar cheartas aeráide a réachtáil.

Youth Theatre Ireland - Chun ceardlanna a réachtáil agus tacar uirlisí amharclainne óige atá dírithe ar an aeráid a chruthú.

Ina theannta sin, déanfaidh dhá ghrúpa chuibhreannais faoi stiúir chomhaltaí an ghrúpa chomhairligh OFI go 2030, EICEA-EOECNA agus Comhairle Náisiúnta na nÓg in Éirinn, maoirseacht ar thionscadail cheartais aeráide atá á gcur i bhfeidhm ar fud na tíre.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil anseo: [Deich dTionscadal Aeráide Óige maoinithe le hinfheistíocht €500k](#)

[Ar ais chuig barr](#)

e. Tacar Uirlisí Inbhuanaitheachta do Scoileanna

Táimid ag tosú ar an bpróiseas chun an Tacar Uirlisí Inbhuanaitheachta do scoileanna a athbhreithniú agus a nuashonrú, lena n-áirítear an liosta FGL. Féach an leagan reatha anseo: [Straitéis Náisiúnta um Oideachas na Forbartha Inbhuanaithe in Éirinn](#)


Cuir in iúl dúinn, le do thoil, más mian leat aon leasuithe a mholadh ar an tacar uirlisí don bhliain scoile 2026/27. Teagmháil: (esd@education.gov.ie).

Forbraíodh an Tacar Uirlisí Inbhuanaitheachta, a foilsíodh den chéad uair i Meán Fómhair 2022, chun tacú le scoileanna Ráiteas Beartais Inbhuanaitheachta a ghlacadh i gcomhréir le Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Scoile: [gov.ie - Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Scoile](#).

[Ar ais chuig barr](#)

f. Ráitis maidir le Beartas Inbhuanaitheachta Scoileanna - Léarscáil

Gabhaimid buíochas le scoileanna a chuir nasc ar fáil don Léarscáil Ráitis Beartais Inbhuanaitheachta. Seiceáil má tá do scoil ar an léarscáil, agus mura bhfuil sí, cuir an nasc le do Ráiteas maidir le Beartas Inbhuanaitheachta i r-phost chuig (ESD@education.gov.ie) le cur san áireamh: [Beartas Inbhuanaitheachta na Scoile](#)



[Ar ais chuig barr](#)

g. Iompar Scoile - *Bus Mór Buí*

Tá áthas ar an Rannóg Iompair Scoile tuairisciú a thabhairt ar rolladh amach 39 'Bus Scoile Buí' nua atá á leithdháileadh ar dtús ar thrí gharáiste de chuid Bus Éireann i mBéal an Átha, san Longfort agus i gCorcaigh. Don bhliain scoile 2026/2027 agus ina dhiaidh sin, freastalóidh na busanna seo ar na ceantair is mó a bhfuil gá acu leo.

Ceanglas conarthach riachtanach chun an flít seo a ligean ar léas ná go mbeadh busanna comhoiriúnach le HVO (Ola Glasraí Hidreachóireáilte). Is rogha bithbhreosla inbhuanaithe, ísealcharbóin, saor ó bhreoslaí iontaise é HVO in ionad díosail thraidisiúnta. Cuireadh an ceanglas seo faoi choinníoll tar éis don Roinn scrúdú cúramach a dhéanamh agus tar éis plé leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) agus comhaontaíodh é mar bheart gearrthéarmach de réir mar a athraíonn bonneagar na bhfeithiclí leictreacha agus infhaighteacht feithiclí leictreacha oiriúnacha.



Tá an flít nua ag dul faoi sheiceálacha cáilíochta faoi láthair ag an Rannóg Cothabhála laistigh de Bus Éireann agus caithfidh siad dul tríd an bpróiseas clárúcháin freisin sula dtéann siad amach ar an mbóthar. Tá oiliúint tiománaithe agus oiliúint d'fhoireann cothabhála ar bun faoi láthair. Táthar ag súil go gcuirfear an flít nua i bhfeidhm ó dheireadh mhí Aibreáin go lár mhí na Bealtaine.

Is féidir linn ar fad dul ar bhóithrín na smaointe nuair a fheicimid an 'Bus Mór Buí' ag dul thar bráid!

Léigh nuashonrú Nuachtlitir OFI ar [straitéis nua na Roinne Iompair, Aq Bogadh le Chéile, le haghaidh iompair inbhuanaithe in Éirinn anseo!](#)

[Ar ais chuig barr](#)

h. Póstaer agus Bileoga Faisnéise SFI do Scoileanna

D'eisigh an roinn dhá chóip de phóstaer de na **17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe** chuig gach scoil i Meán Fómhair 2022, chomh maith le bileog ar a bhfuil faisnéis faoi **Straitéis Náisiúnta na hÉireann maidir leis an Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe: OFI go 2030**, agus conas teacht ar acmhainní do scoileanna.

Má tá cóipeanna breise den phóstaer nó den bhileog ag teastáil uait, cuir r-phost chuig ESD@education.gov.ie, le do thoil.

[Ar ais chuig barr an leathanaigh](#)

i. Déanann an tAire Naughton ceiliúradh ar OFI i scoileanna i Luimneach

Thug an tAire Oideachais agus Óige Hildegarde Naughton cuairt ar scoileanna i Luimneach ar an Aoine 1 Bealtaine. Bhí deis aici bualadh le cuid mhaith ball foirne agus scoláirí díograiseacha agus cuireadh ar an eolas í maidir lena gcuid éachtaí. Thug an tAire le fios go raibh ríméad an domhain uirthi an deis a fháil cuairt a thabhairt ar scoileanna sa réigiún, agus spléachadh a fháil ar theagasc agus ar fhoghlaim atá bríomhar, cruthaitheach agus a bhfuil an scoláire féin lárnach ann.

D'fhreastail an tAire ar imeacht san iarnóin, ag Coláiste Pobail Thuamhan, le linn a cuairte, agus rinne sí an leabhar *Teaching the Sustainable Development Goals to Young Citizens (10-16 years): A Focus on Teaching Hope, Respect, Empathy and Advocacy in Schools*, a sheoladh go hoifigiúil. Rinnean Dr. Anne Dolan, Ollamh Comhlach agus Léachtóir sa Tíreolaíocht i gColáiste Mhuire gan Smál, eagarthóireacht ar an leabhar.



Bhí an seoladh, a raibh Coláiste Pobail Thuamhan mar óstach air, mar chuid d'ócáid sárthaispeántais a rinne ceiliúradh ar an sárobair in OFI atá ar bun i scoileanna na hÉireann. Chuir Ionad Oideachais Luimnigh, a bhfuil ról tábhachtach acu na bearnaí idir scoileanna agus an 3^ú leibhéal ar bhonn áitiúil a laghdú, tacaíocht ar fáil don ócáid. D'fhreastail ionadaithe ó roinnt eagraíochtaí oideachais ar an ócáid lena n-áirítear, baill de Choiste Comhairleach OFI do Scoileanna, ar nós CNCM, Oide, Ubuntu, EICEA-EOECNA, agus Líonra Inbhuanaitheachta Scoileanna na hÉireann. Cuireadh fáilte ar leith roimh scoláirí idirnáisiúnta ón bPalaistín, Afganastáin, an tSeineagáil agus Vítneam.



Dhírigh scoláirí ó Choláiste Pobail Thuamhan i dteannta a múinteora, Bn. Uas. Veronica Lavin, aird na ndaoine ar thionscadail iontacha na scoile, lena n-áirítear, samhail spreagúil de bhaile inbhuanaithe, samplaí de cheachtanna a raibh SFlanna ina n-údar spreagtha dóibh, an choill bheag, úllord agus geochruinneachán na scoile.

Agus í i mbun óráide, dúirt an tAire “Is príomhthosaíocht é an tOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) domsa agus do mo roinn agus muid ag dul i ngleic le dúshláin mhóra dhomhanda ar nós athrú aeráide, agus éagothroime dhomhanda atá ag dul chun donais. Teastaíonn uainn a chinntiú gur áiteanna agus spásanna iad scoileanna le haghaidh na hinbhuanaitheachta. Go bhfuil an deis ag gach foghlaiméir a bheith rannpháirteach san fhorbairt inbhuanaithe agus iad ag foghlaim, agus scileanna á bhforbairt acu chomh maith. Teastaíonn uainn go mbeadh siad rannpháirteach ar bhonn gníomhach i dtionscnaimh inbhuanaitheachta ar fud na scoile agus sa phobal áitiúil. Is gné thábhachtach den OFI atá inár ndaoine óga, agus iad a spreagadh agus cur ar a gcumas tabhairt faoi ghníomh ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe, ní amháin mar dhaoine aonair agus mar chuid de phobal níos leithne chomh maith”.

[Back to top](#)

2. An tEolas is Déanaí maidir le Scoileanna

a. Ardteistiméireacht - Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe i Meánscoil Loreto, Baile Brigín.

Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe: Ag Féachaint Siar ar an mBliain

Is ó Mary O'Connell agus ó Lauren Garraway an píosa seo, agus an bheirt acu i mbun múinteoireachta in Meánscoil Loreto, Baile Brigín. San alt seo, déanann siad machnamh ar an gcéad bhliain de Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe ina scoil.



Bhí an-tairbhe ag baint le CASD a mhúineadh do scoláirí agus do mhúinteoirí araon. I rith na bliana, rinneamar iniúchadh ar phríomhábhair amhail an t-aistriú cóir, an ceartas agus an éagóir aeráide, seasamh agus cumhacht shóisialta, agus tábhacht na dtaithe atá bunaithe ar an dúlra. Spreag na téamaí seo scoláirí chun smaoineamh go criticiúil ar dhúshlán dhomhanda agus iad ag déanamh machnamh ar a ról féin i gcruthú todhchaí níos inbhuanaithe.

Gné den chúrsa a bhfuil tionchar mór aige is ea an deis foghlaim a dhéanamh lasmuigh den seomra ranga. Sheas ár n-eispéireas nádúrtha ar an trá amach mar nóiméad thar a bheith speisialta. Chuir na scoláirí iad féin isteach ina dtimpeallacht áitiúil ag gabháil don domhan nádúrtha ar bhealach fiúntach agus machnamhach. Chuir an t-eispéireas seo lena dtuiscint ar inbhuanaitheacht agus bhí tionchar dearfach suntasach aige ar a bhfolláine. Chuir go leor scoláirí in iúl cé chomh suaimhneach is a bhí an t-eispéireas, agus leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le ceangal leis an dúlra i saol tapa an lae inniu.

Bhí an-chumhacht ag baint leis na díospóireachtaí sa seomra ranga, go háirithe agus saincheistanna maidir le ceartas aeráide agus neamhionannas sóisialta a phlé. Léirigh na scoláirí comhbhá, fiosracht agus feasacht atá fós ag fás ar na castachtaí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide. Ag cur leis seo, tá ár rang idirbhliana ag obair faoi láthair ar cheardlanna a chruthú agus a réachtáil do Lá an Domhain, a chuirfidh siad ar fáil do scoláirí idirbhliana eile agus do scoláirí sa chéad bhliain. Tá an tionscnamh seo tar éis cur ar chumas na scoláirí úinéireacht a ghlacadh ar a bhfoghlaim agus inbhuanaitheacht á cur chun cinn i measc phobal na scoile i gcoitinne ag an am céanna.

Agus muid ag féachaint chun cinn, táimid ar bís cur leis an mbunchloch seo, agus tá sé ar intinn againn turas scoile go dtí an Íoslainn a réachtáil an bhliain seo chugainn. Tabharfaidh sé seo deis uathúil do scoláirí próisis aeráide a fheiceáil go díreach agus a dtuiscint ar inbhuanaitheacht i mbun gnímh a dhoimhniú tuilleadh.

[Ar ais chuig barr](#)

b. An tEolas is Déanaí maidir le OFI i Scoileanna

Nóta an Eagarthóra: Buíochas ó chroí leis na scoileanna go léir a chuir nuashonruithe ar a ngníomhaíochtaí go léir ar son OFI isteach chugainn. Tá sárobair ar bun ar fud na tíre; ar an drochuair, ní féidir linn gach iarratas a chur sa Nuachtlitir OFI ach seo dhá shampla iontacha:

OFI ag Scoil Náisiúnta an Phaidhc

I Scoil Náisiúnta an Phaidhc i gContae Laoise, tá ríméad orainn an dul chun cinn spreagúil atá déanta againn ar ár n-aistear i dtreo oideachas inbhuanaithe a roinnt. Le trí bliana anuas, tá ár ngairdín scoile faoi bhláth, agus tá áthas orainn a fhógairt go bhfuil maoiniú faighte againn ó OFI go 2030 le haghaidh Polatholláin nua. Is deis iontach í an tionscnamh seo dár scoil bheag tuaithe, a bhuíochas le dúthracht ár bhfoireann ghníomhach Scoileanna Glasa.



Mar gheall ar thacaíocht fhlaithiúil ónár gCumann Tuismitheoirí iontach, bhíomar in ann ár bPolathollán a leathnú go dtí méid fairsing 8m x 3m, rud a chuir go leor spáis ar fáil dár ndaltaí chun tabhairt faoi fhoghlaim phraiticiúil. Ceanndé bhuaicphointí ár n-iarrachtaí garraíodóireachta ná ár mbeárbaiciú

bliantúil i mí an Mheithimh, áit a ndéanaimid ceiliúradh ar thorthaí ár saothair trí taitneamh a bhaint as an mbia atá curtha againn le chéile.

Le mí anuas, chuireamar réimse barra inár bPolatholláin nua, lena n-áirítear sútha talún, prátaí, trátaí, leitís, oinniúin agus piobair. Is léir an díograis i measc ár ndaltaí agus iad ag glacadh go fonnmhar leis an bhfreagracht chun aire a thabhairt do na plandaí seo. Táimid buíoch freisin dár ngrúpa Bailte Slachtmhara áitiúil as a rannpháirtíocht, as comhairle luachmhar maidir le plandú a chur orainn agus as a gcuid eolais a roinnt lenár bpobal.



Agus muid ag tnúth lenár dtáirgí a bhlaiseadh i mí an Mheithimh, táimid bródúil as an spiorad comhoibríoch agus an tiomantas don inbhuanaitheacht a mhúnlaíonn ár scoil. Le chéile, ní hamháin go bhfuilimid ag cothú plandaí, ach grá don chomhshaol agus braistint phobail freisin.

Nóta an Eagarthóra: Maith sibh go léir i Scoil Náisiúnta an Phaidhc as bhur gcuid oibre OFI. Tá dearbhan €500 One-For-All chun tacú le do thionscadail OFI ar an mbealach chugaibh! [Ar ais chuig barr](#)

OFI ag Pobalscoil na Gráinsí

Tugadh aitheantas do dhaltai ó Phobalscoil na Gráinsí, Loch Garman, in éineacht lena múinteoir Alanna Roche, as a dtaighde comhshaoil den chéad scoth, ag léiriú réitigh nuálacha agus praiticiúla ar dhúshlán inbhuanaitheachta an tsaoil seo.

Rinne **Running Road Run-off Off The Road** imscrúdú ar thionchar rith chun srutha bóthair ar cháilíocht ithreach agus ar shláinte plandaí. Léirítear ina gcuid taighde go méadaíonn leibhéil truailleithe de réir mar a úsáidtear bóithre mar gheall ar thruailleáin amhail miotail throma, olaí agus salainn. Rinne siad iniúchadh ar fhítileasúchán ag baint úsáid as plandaí dúchasacha agus fuair siad amach gur féidir le speicis amhail samhadh cabhrú le truailleáin a ionsú agus dálaí ithreach a fheabhsú, rud a sholáthraíonn réiteach nádúrtha agus atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht. Bronnadh gradam taighde ar an tionscadal seo ag comórtas na nEolaithe Óga Stripe.



Rinne **When the wind blows, where the plastic go?** scrúdú ar thionchar stoirmeacha ar thruailliú cósta. Léirigh a gcuid torthaí méadú suntasach ar bhruscar cois cladaigh i ndiaidh stoirmeacha, ábhair a bhaineann le hiascaireacht den chuid is mó. Ag cur leis sin, d'fhorbair siad rópa iascaireachta in-bhithmhillte nuálach déanta as t-léinte cadáis athchúrsáilte chun cabhrú le truailliú mara fadtéarmach a laghdú.

Chuir an dá ghrúpa a gcuid oibre i láthair ag an mbabhta leathcheannais de Ghradam na gComhshaoilaithe Óga i gCorcaigh agus ghlac siad páirt i gcomórtas na nEolaithe Óga Stripe freisin. Moladh iad i gcomórtas AIB Future Sparks agus cuirfidh siad a gcuid tionscadal i láthair ag SciFest ag deireadh mhí Aibreáin agus ag an mbabhta ceannais de Ghradam na gComhshaoilaithe Óga i mí na Bealtaine. Léiríonn na héachtaí seo ag na scoláirí tiomantas láidir don inbhuanaitheacht, don fhiosrúchán eolaíoch agus do nuálaíocht scoláirí.

Alt ar [Shaineolaithe Eolaíochta Loch Garman ar fáil anseo](#), alt ar [ag dul i ngleic le truailliú tríd an eolaíocht ar fáil anseo](#).

Nóta an Eagarthóra: Maith sibh as bhur gcuid éachtaí i bPobalscoil na Gráinsí. Tá dearbhan €500 One-For-All chun tacú le tionscadail OFI ar an mbealach chugaibh!

[Ar ais chuig barr](#)

3. Rannóg na hÓige

a. Comhairle na nÓg Chiarraí



Supporting young people since 1971



I Meánscoil Nua an Leith Triuigh, Caisleán Ghriaire, Co. Chiarraí, tá an t-ádh orainn go bhfuil an tsaoráid uathúil Geopháirce againn inár scoil.

Is é ainm ár dtionscadal grúpa ná *“Tales of the Trails”*. Tá sé ar intinn againn cosán siúil a thógáil timpeall Geopháirc na scoile chun leas phobal na scoile áitiúla agus fiadhúlra an cheantair máguaird. Bhunaigh rang idirbhliana ár nGeopháirc breis agus 3 bliana ó shin agus ó shin i leith tugann grúpa idirbhliana aire di gach bliain! Tá áiseanna ann amhail linn dúlra, seomra ranga lasmuigh, leabharlann buataisí, balla saoirseachta tirime agus anois ár gcosán!



Go dtí seo, tá breis is 50 crann curtha againn le cúnamh ón gcomhshaolaí agus grianghrafadóir áitiúil, Micheal Kelly. Chuireamar conair crann darach ag bealach isteach na geopháirce. Tá go leor crann dúchasach Éireannach curtha againn timpeall na geopháirce, lena n-áirítear Fearnóg, Sceach Gheal agus Saileach. Cosnaíonn na crainn seo áitritheoirí na geopháirce chomh maith le feidhmiú mar bhaile do na speicis dhúchasacha áitiúla. Chomh maith leis sin, bhronn The Hare's Corner i gContae na Gaillimhe breis is 50 crann de 5 speiceas éagsúla orainn, amhail crainn dharacha, crainn bheithe, crainn chaorthainne, sceacha geala, crainn choille agus fiú crainn úll.

Shocraíomar cosán a thógáil mar gur rud é nach ndearna duine ar bith riamh agus is é cosán a thógáil an bealach is fearr chun rochtain ar na háiseanna iontacha seo a sholáthar! Is é an plean atá againn do dheireadh na bliana scoile Idirbhliana ná dul chun cinn maith a dhéanamh ar thógáil ár gcosáin ionas gur féidir leis na scoláirí Idirbhliana nua leanúint ar aghaidh agus an tionscadal a chríochnú.

[Ar ais chuig barr](#)

4. Comórtais

a. Comórtas Nuachtlitir OFI mhí na Bealtaine – SFI 17, Comhpháirtíochtaí ar mhaithe leis na Spriocanna

Díríonn SFI 17 ar an ngeilleagar domhanda agus tugann sé tús áite do thiomantas láidir do chomhpháirtíocht agus do chomhoibriú trí thrádáil oscailte agus uilíoch ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe. Tá sé ríthábhachtach beartais a chomhordú chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is lú forbartha, chun fás agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Mar thoradh ar mhonatóireacht a dhéanamh ar an réimse seo, díriodh níos mó ar chomhpháirtíocht dhomhanda agus ar rialachas airgeadais.



Ceist:

Sa bhliain 2022, cad é glanmhéid an Chúnamh Oifigiúil Forbartha (COF), a shainmhínítear mar chúnamh rialtais atá ceaptha chun forbairt gheilleagrach agus leas tíortha i mbéal forbartha a chur chun cinn, de réir an [POS?](#)

- a. €2.3 milliún b. €230 milliún c. 2.3 billiún d. 23 billiún

Féach ar: [Mol Éireann do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe](#)

Cuir do fhreagra, d'ainm agus do scoil i r-phost chuig esd@education.gov.ie roimh **Dé hAoine an 22 Bealtaine** chun dul sa seans dearbhán €500 One For All a bhuachan do thionscadail OFI i do scoil.

[Ar ais chuig barr](#)

b. Comórtas Turas Ranga OFI Bealtaine – Ionad Athfhionnachtana

Ceardlanna Samhraidh an Ionaid Athfhionnachtana

An bhfuil clár samhraidh á chur ar fáil ag do scoil? Cuir áit in áirithe i gceann dár gceardlanna idirghníomhacha! Ó bhithéagsúlacht go hinnealtóireacht, cuireann an tIonad Athfhionnachtana réimse leathan ceardlann spreagúil, praiticiúil ar fáil do bhunscoileanna agus meánscoileanna ar fud na tíre, bíodh sé i do sheomra ranga, ar líne nó inár n-ionad uathúil éiceathaispeántais i mBaile Átha Cliath. Tá na ceardlanna seo ar fáil do ghrúpaí bunscoile agus meánscoile araon, agus is féidir iad a oiriúnú do gach riachtanas agus cumas.

Maidir le Ceardlanna an Ionaid Athfhionnachtana

Is é an tIonad Athfhionnachtana Ionad Náisiúnta na hÉireann don Gheilleagar Ciorclach. Déanaimid ceardlanna idirghníomhacha, praiticiúla a éascú i scoileanna agus i leabharlanna ar fud na tíre, ar líne, nó inár mol i mBaile Átha Cliath, i gcoire-theach athchóirithe Bhaile Munna.

Tá ár gceardlanna idirghníomhacha bunscoile nasctha leis an gcuraclam trí ábhair lena n-áirítear Eolaíocht, Tíreolaíocht, Matamaitic, OSPS agus Amharc-Ealaín. Tá gach seisiún 90 nóiméad deartha chun fiosracht agus foghlaim ghníomhach a spreagadh i measc rannpháirtithe, agus tá siad iontach spraíúil!



Do scoileanna iarbhunscoile, cuirimid rogha fairsing ceardlann idirghníomhach ar fáil a bhaineann le hEolaíocht, Tíreolaíocht, Matamaitic, OSSP, Staidéar Sóisialta agus Imshaoil, agus Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh. Tá go leor dár gcláir ag teacht go dlúth leis an ábhar nua um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe, agus iad ag plé le príomhdhúshláin inbhuanaitheachta. Déanfaidh

rannpháirtithe iniúchadh ar réitigh ar na dúshláin seo trí ghníomhaíochtaí comhoibríocha, praiticiúla agus foghlaim idirghníomhach. Tugann ár gceardlanna cumhacht do dhaoine óga a ról i dtodhchaí níos inbhuanaithe a chruthú a thuiscint agus samplaí praiticiúla a sholáthar de réitigh aeráide áitiúla i mbun gnímh.

Cuireann an tIonad Athfhionnachtana réimse Ceardlanna idirghníomhacha FGL ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus meánscoile chomh maith, a chlúdaíonn réimse leathan topaicí comhshaoil agus STEM, agus a nascann leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

- [Féach ár gCeardlanna Bunscoile](#)
- [Féach ár gCeardlanna Meánscoile](#)
- [Féach ár gCeardlanna um Riachtanais Bhreise](#)
- [Féach ár gCeardlanna FGL do Mhúinteoirí](#)

[Cuir in áirithe anois!](#)

Comórtas an Ionaid Athfhionnachtana

Rachaidh rang amháin ádhúil ar thuras saor in aisce chuig an Ionad Athfhionnachtana. Beidh turas ar ár n-ionad inbhuanaithe uathúil mar chuid den turas, chomh maith le ceardlann de do rogha féin! Freagair an cheist thíos agus seol d'iontráil mar aon le sonraí do scoile/ranga chuig ESD@education.gov.ie faoi **Dé hAoine, an 22 Bealtaine** le go mbeidh seans agat an comórtas a bhuachan. Bí cinnte an teideal *“Comórtas Ionad Athfhionnachtana Nuachtlitir OFI”* a chur i líne ábhair do ríomhphoist.

Ceist: Cad a bhí i bhfoirgneamh an Ionaid Athfhionnachtana tráth?

- a) Monarcha**
- b) Ionad Athchúrsála**
- c) Coire-Theach**
- d) Stáisiún Cumhachta**

[Ar ais chuig barr](#)

c. Comórtais na Nuachtlitreach OFI – Buaiteoirí



Bhuaigh **Scoil Náisiúnta Chluain Aodha** i gcontae an Chláir an **Turas Ranga chuig Zú Bhaile Átha Cliath**.

Ceist: Cé chomh sean is atá Zú Bhaile Átha Cliath? Freagra (a) 150 bliain d’aois (b) 40 bliain d’aois (c) 194 bliain d’aois nó (d) 75 bliain d’aois

Freagra: c. 194 bliain d’aois

Nóta an Eagarthóra: Comhghairdeas, táimid ag súil le cloisteáil faoi do chuairt. Buíochas ó chroí le Zú Bhaile Átha Cliath as an duais seo a urrú.



Is í **Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile na hEascrach** i gCo. Bhaile Átha Cliath buaiteoir chomórtas **SFI 15** in eagrán an Mhárta de Nuachtlitir OFI.

Ceist: De réir thuarascáil dul chun cinn na Príomh-Oifige Staidrimh ar SFI 16 (2023), cad é an Ráta Sástachta le cáilíocht na Seirbhíse Poiblí (2021) don Oideachas (SFI 16.6.2)?

50% b. 60% c. 70% nó d. 80%

Freagra: c) 70%

Nóta an Eagarthóra: Comhghairdeas. Tá dearbhán de €500 don OFI in bhur scoil ar an mbealach chugaibh.



Ba í Scoil Náisiúnta Bhaile na Coille buaiteoirí ádhúla chomórtas OFI mhí na Nollag, turas go hEastát Bhán an Aeir i mBaile Átha Cliath. Bhí lá iontach ag daltaí na scoile ag féachaint thart agus ag foghlaim.

“Bhí deis ag na páistí cuairt a thabhairt ar an bhfeirm oibre, bualadh leis na hainmhithe, agus tuilleadh eolais a fháil faoi tháirgeadh bia inbhuanaithe agus bithéagsúlacht” – Léigh tuilleadh agus féach ar ghrianghraif óna gcuairt : [Turas chuig Eastát Bhán an Aeir | Scoil Náisiúnta Bhaile na Coille.](#)

Féach freisin [Eastát Bhán an Aeir.](#)

Cuireann an scoil pacáiste Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Smurfs ar taispeáint chun teachtaireacht dhearfach OFI a scaipeadh



Chuir buaiteoirí roimhe seo chomórtas ábhar Smurfs SFI (Nollaig 2025) ó Scoil Náisiúnta Queen of the Universe i gCeatharlach grianghraf chugainn de thaispeántas iontach dírithe ar OFI a chuireann san áireamh acmhainní ó Phlean Pailneoirí Uile-Éireann.



Táimid buíoch as an eolas is déanaí seo a fháil ó Scoil Náisiúnta Queen of the Universe mar go dtugann sé léargas dúinn ar an gcaoi a gcuirtear duaiseanna i bhfeidhm, agus tugann sé léargas dúinn freisin ar an gcaoi a gcabhraíonn duaiseanna beaga fiú le teachtaireachtaí dearfacha a scaipeadh faoi OFI.

Más mian leat a roinnt cén sórt tionchair a bhí ag duais Chomórtas Nuachtlitir OFI ar do scoil, seol ríomhphost chuig ESD@education.gov.ie.

[Ar ais chuig barr](#)

d. Comórtas Make a Switch Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir - Lá Taispeántais

Toisc gur éirigh go hiontach leis an gcéad chomórtas Scoileanna 'Make a Switch' in 2024-2025, d'óstáil Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a dhara lá taispeántais bliantúil ar an 20 Márta 2026 ag Campas Nuálaíochta Glas an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna ar **NZEB** i mBaile an Róistigh, Luimneach. Chuir daltaí ó roinnt bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud na heagraíochta réimse leathan tionscadal i láthair a dhírigh ar an aeráid agus ar inbhuanaitheacht.

Bhí ionadaithe ón eagraíocht, lena n-áirítear Campas Shráid Mulgrave, Campas Orgánach an Ionaid Ghlaise, Ionaid Oideachais Allamuigh agus tionscadal DECO2 i gcomhpháirtíocht le TÚS, i láthair ag na seastáin taispeántais. Chomh maith leis sin, léirigh NZEB a bhfuil ar fáil ar a champas trí phainéil ghréine, caidéal teasa, aonaid VR agus ionsamhlóirí a bhí ar fáil do scoláirí a thaispeáint.

Ba iad na buaiteoirí ar an lá ná:

Gradam don Iar-Bhunscoil is fearr:
Coláiste Dheasumhan “3D Whiteboard Cleaner”

Gradam don Scoil Náisiúnta Phobail/Scoil Speisialta is fearr: Scoil Náisiúnta Phobail Fheadamair “Re-Action”

Gradam don Taispeántas is Suimiúla:
Coláiste Chaladh an Treoigh “Our Air Quality Journey”

Gradam don Chruthaitheacht (Ag Smaoineamh as an Nua): Coláiste Pobail Mhungairit “Eco Volt”

Gradam d’Athrú a Thabhairt Isteach:
Scoil Speisialta Pobail Luimnigh “LCSS Can Reduce”

Gradam Éacht ó Scoláire: Zeina Mohammed, Coláiste Iósaef



I measc na nduaiseanna a fuarthas bhí airgead i dtreo inbhuanaitheachta do na scoileanna a d’éirigh leo, agus buanchoirn shaincheaptha a rinne na healaíontóirí Simon Donnelly agus P.J. Hehir (urraithe ag IPB), agus dearbháin le haghaidh turas chuig Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh. Táthar ag súil go bhforbrófar comórtas ar leithligh ‘Make a Switch’ in 2026 do lárionaid Breisoideachais agus Oiliúna agus rannpháirtíocht agus comhroinnt eolais ar fud na heagraíochta mar aidhm aige.

[Ar ais chuig barr](#)

e. Babhtaí Ceannais na nGradam Comhshaolaí Óg



Gradaim Comhshaolaí Óg EICEA-EOECNA 2026: Taispeántas Deiridh agus Searmanas Bronnta ar an 12 Bealtaine i mBaile Átha Cliath

Beidh Taispeántas Deiridh agus Searmanas Bronnta mar bhuaicphointe do Ghradaim Comhshaolaí Óg EICEA-EOECNA 2026 agus beidh sé ar siúl Dé Máirt 12 Bealtaine i Halla na Ceolchoirme, Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath.

Tugann an ócáid náisiúnta seo, atá iontach gnóthach, grúpaí iomaitheoirí ó ar fud na hÉireann le chéile chun a gcuid tionscadal gníomhaíochta comhshaoil faoi stiúir na hóige a chur i láthair, a forbraíodh i rith na bliana mar chuid de chlár GCÓ. Tá an lá roinnte ina dhá phríomhimeacht: Taispeántas, áit a léiríonn daoine óga (10-18) breis is 110 tionscadal deiridh ó 29 contae agus a roinneann a n-éachtaí le píaraí, moltóirí agus aíonna, agus Searmanas Bronnta, áit a bhfógraítear agus a cheiliúrtar buaiteoirí gach catagóire. Beidh taispeántais idirghníomhacha, ceardlanna agus cainteanna ar siúl ar an lá chomh maith, áit a mbeidh deis ag suas le 1,000 duine a bheidh i láthair an saothar spreagúil atá ar taispeántas a fheiceáil.



Léiríonn na tionscadail réimse leathan téamaí comhshaoil, lena n-áirítear bithéagsúlacht, gníomhú ar son na haeráide, mearfhaisean, agus maireachtáil inbhuanaithe, ag leagan béim ar chruthaitheacht agus ar thiomantas daoine óga atá ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán an tsaoil seo.

Ag céim dheireanach a n-aistear GCÓ 2026, ceiliúránn an ócáid seo nuálaíocht agus dúthracht daoine óga atá ag glacadh gnímh bhríoch ina bpobail, agus ag an am céanna a gcuid éachtaí á thaispeántas ar an ardán náisiúnta.

Tá an taispeántas ar oscailt do chách. Cliceáil an nasc do thicéid don ócáid seo: <https://www.eventbrite.com/e/1986324497041?aff=oddtcreator>

[Ar ais chuig barr](#)

5. Cláir agus Acmhainní

a. Líonra Inbhuanaitheachta Scoileanna na hÉireann

Seicliosta chun acmhainní Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) a roghnú do do scoil

Tá seicliosta ag an LISÉ ar féidir le scoileanna a úsáid chun cabhrú leo acmhainní OFI oiriúnacha a roghnú don seomra ranga: [Cúig cheist thábhachtacha le cur agus acmhainní á roghnú agat le haghaidh OFI](#)

TAISPEÁNTAS AMBASADÓIRÍ NA MAC LÉINN LISÉ

Comhghairdeas lenár nAmbasadóirí Mac Léinn a chríochnaigh an Clár Ambasadóirí Mac Léinn 25-26 ar an 3 Márta, áit a raibh Taispeántas Deiridh ag Bán an Aeir. Ó mhí Mheán Fómhair i leith, tá na hAmbasadóirí ag foghlaim faoi Fhuinneamh Inbhuanaithe, Saoránacht Dhomhanda, an tAistriú Cóir, Cearta an Duine agus níos mó.



Is é atá i gceist lena gcuid oibre ná rannpháirtíocht agus gníomhartha praiticiúla:

- Reáchtáil gach Ambasadóir ceardlann fuinnimh inbhuanaithe ina scoil roimh an Nollaig

- Ghlac an grúpa gníomh comhchoiteann trí chinneadh a dhéanamh litir a scríobh chuig an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, Darragh O'Brien, áit ar éirigh leo beagnach 300 comhshínitheoir a fháil mar aon le freagra sa deireadh freisin
- Ghlac 4 de na hAmbasadóirí páirt i bPlé Painéil Mac Léinn 'An bhfuil na scileanna atá riachtanach do phláinéid atá ag athrú á múineadh againn?'
- Sa Taispeántas Deiridh, chuir gach Scoil forbhreathnú spreagúil i láthair ar thionscadail ghníomhaíochta breise ina scoil - ag dul i ngleic le topaicí ar nós dramhaíl, uisce, mearfhaisean agus bithéagsúlacht.

Leis an obair seo go léir, chuir na hAmbasadóirí comhráite ar bun lena gcomhghleacaithe, lena múinteoirí agus lena dteaghlach. Thug Uachtarán na hÉireann, Catherine Connolly, aitheantas don obair seo, agus laistigh de lá tar éis di cloisteáil faoi, sheol sí litir álainn chun an obair iontach atá ar siúl acu a athdhearbhú.

Ní hamháin go mbaineann an Clár seo le faisnéis luachmhar, scileanna agus muinín, ach ina theannta sin na naisc agus na cairdis atá déanta idir na 27 Ambasadóirí i 16 scoil ar fud na tíre.

Buíochas mór leis na tuismitheoirí agus na múinteoirí go léir, lenár gcomhpháirtithe SAP – an UFIÉ – agus Scoileanna Domhanda World Wise, lenár aoichainteoirí Aoife McMahon (Iar-Mhac Léinn SAP), Ali Sheridan (Aistriú Cóir) agus Craig Douglas ó Feet On The Soil, mar aon le Nicky Coghlan ó phodchraoladh RTÉ Ecolution a bhí ag leanúint turas na nAmbasadóirí.

Tá súil againn go leanfaidh na hAmbasadóirí ag smaoineamh ar bhonn domhanda agus ag gníomhú ar bhonn áitiúil.

IRISH SCHOOLS SUSTAINABILITY NETWORK
POST-PRIMARY SUPPORTS FOR SCHOOLS 2026/27

HOW WE CAN HELP

Whether schools would like help in delivering the ISSN Environmental Influencer Module, are seeking support to set up a whole school Environmental Programme, or would like us to deliver a workshop at a staff training day or with a sustainability team, we can support you.

Contact us if you would like to find out more about:

- ISSN Environmental Influencer Module
- Staff training workshops & CPD
- Whole school Environmental Leadership Programme
- Student Ambassadors & Biodiversity Champions

LIMITED PLACES - REGISTER NOW

CONTACT US
www.issn.ie
info@issn.ie

ISSN is grateful for the support it receives from:

An Roinn Clárúcháin / Department of Education | seai | SSE Airtricity | Generation Green Community Fund

[Ar ais chuig barr](#)

b. Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe



Tugann Oideachas don Inbhuanaitheacht cuireadh do mhúinteoirí clárú dá gClár Inniúlachta Aeráide 8 seachtaine a thosóidh i Meán Fómhair 2026. Cuidíonn an clár seo, a éascaítear ar bhonn duine le duine, le scoileanna riachtanais inbhuanaitheachta a chomhlíonadh agus ag an am céanna cumasaíonn sé scoláirí chun athrú a dhéanamh ina bpobail féin.

Más mian leat go mbeadh rang i do scoil páirteach, cláraigh [tríd an bhfoirm seo a chomhlánú](#) roimh **Dé hAoine, 22 Bealtaine**. Beidh muid i dteagmháil leat ag dáta níos deireanaí chun am atá oiriúnach do sheachadadh a shocrú.

Cé dó a bhfuil an clár seo?

Is iontach go deo an clár seo do rang a 5 agus do rang a 6 i mbunscoileanna agus don chéad bhliain agus don Idirbhliain in iar-bhunscoileanna. Tá sé oiriúnach ó thaobh réimse ábhar de lena n-áirítear Eolaíocht, Tíreolaíocht, Folláine, OSPA agus Eacnamaíocht Bhaile agus cuireann sé le cúrsa nua na hArdteistiméireachta Gníomhú ar Son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe.

Cad a áirítear ann?

Tá an Clár Inniúlachta Aeráide seo, a bhfuil duaiseanna buaite aige, i gcomhréir leis an gcreat Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus tacóidh sé le do scoil a bheith níos inbhuanaithe trí thrí philéar, is iad sin Campas, Pobal agus Curaclam.

Seachnaímid ó thaobh na bpiléar sin de trínár modheolaíochtaí foghlama, ár dtionscadail ghníomhaíochta aeráide, agus ár n-oiliúint do mhúinteoirí atá spráúil agus idirghníomhach.

Cliceáil anseo le [CLÁRÚ ANOIS!](#)

Mar gheall ar Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe

Is fiontar sóisialta neamhbhrabúis é OFI a cruthaíodh mar fhreagra ar an ngéarchéim aeráide agus éiceolaíoch. Is é an misean atá againn ná chun a chinntiú go mbeidh tuiscint ag gach duine óg ar an aeráid faoi 2030.

[Ar ais chuig barr](#)



c. Am Oideachais Dhomhanda



Leanann Am Oideachais Dhomhanda de bheith ag tacú le gníomhaíocht óige i 10 scoil, ag díriú ar na dúshlán domhanda a bhaineann le **himirce, neamh-chomhionannas idirnáisiúnta, neamh-chomhionannas inscne**, agus **athrú aeráide**.

Sampla cumhachtach de seo is ea obair na scoláirí i **gColáiste Mhuire, Tuar Mhic Éadaigh, Co. Mhaigh Eo**. Phléigh scoláirí téama an uisce agus na himirce trí thionscadail i ranganna na hIdirbhliana agus OSSP, ag iniúchadh an tábhacht a bhaineann leis ó pheirspictíochtaí áitiúla agus domhanda araon. Chruthaigh an scoláire **Zadig Ó Cionnaith** físean dar teideal *Uisce*, ag scrúdú conas is féidir le rochtain ar uisce glan gníomhú mar fhachtóir brú nó tarraingthe d'imirceoirí tríd an téama *“Bhogfá freisin”* (“you would move too”). Ina theannta sin, rinne scoláire Idirbhliana **Polina Lisnivska** *Mise & Uisce / Water & Me*, a roghnaíodh mar bhuaitear ar Chomórtas Fiseáin Uisce Chlár na Scoileanna Glasa 2026, a leag béim ar chruthaitheacht agus ar thionchar oibre atá faoi stiúir scoláirí.



Ava McNally agus Rachel McEntee ag seimineár Am Oideachais Dhomhanda i Vársá Márta 2026

